

Struchtúir Eaglasta

Cuireadh tuairimí agus braithstintí iomadúla in iúl faoi struchtúr cliarlathach na hEaglaise—frustrachas, éidreoir, éadóchas, agus aonaránachas. Bhí daoine ag éileamh cumasú na dtuataí bunaithe ar chomhar gníomhach ag gach leibhéal. Bhí a lán ag lorg leasuithe ar struchtúir chliarlathacha eaglasta agus go mbeadh mná páirteach i gcinnidh ag gach leibhéal den Eaglais. Bhí daoine ann leis a bhí ag iarraidh go nglacfaí le plé ar oirniú ban chun na sagartóireachta agus leis an deochaineacht bhuan, agus ar aontamhas éigeantach do shagairt.

Tuiscintí ar an Eaglais agus ar an gCreideamh

Cé gur luaigh daoine áirithe a n-immní faoi thuiscintí difriúla agus taithí dhifriúil ar an Eaglais, dhearbhaigh a lán daoine a gcreideamh pearsanta agus fiúntas a nEaglaise dóibh féin. Chuir a thuilleadh a ndóchas go bhfuil athbheochan chugainn in iúl. Cuireadh antacaíocht in iúl do chléir na háite agus fuair a n-obair fhóna aitheantas cuí. Chuir sagairt áirithe síos ar a n-iarrachtaí pearsanta ag dréim lena ministreacht sa ré dhúshlánach seo. D'éiligh daoine a bhí páirteach go mbeadh an oiliúint do thuismitheoirí a bheadh ag cur a gclainne ar aghaidh leis na sacraimintí a ghlacadh agus daoine óga a theagasc sa chreideamh, bunaithe níos daingne sa pharóiste. Luadar leis an gá atá le hathbheochan i gceiliúradh an Aifrinn agus ár searmanas liotúirgeach, le feabhas a chur ar chaidreamh na bparóisteánach agus Chomhairle Thréadach an Pharóiste, agus le caoi d'oiliúint chreidimh a sholáthar d'aosánaigh.

An Óige

Thagair daoine ag gach seisiún dá laghad daoine óga a bhí páirteach ag na seisiúin éisteachta agus i saol na hEaglaise. Bhíodh immní mhór ar a lán a bhíodh i láthair faoina bhfuil i ndán don Eaglais gan daoine óga a bheith gafa léi. Ach ina theannta sin áfach, bhí fonn dúthrachtach á nochtadh daoine óga a chur i gcaidreamh le saol chreidimh an phobail agus a gcreideamh a chur i bhfeidhm ar a saol laethúil. Tugadh le tuiscint go raibh gá le haosánaigh a mbeadh a saol ina eiseamláir agus ina shampla le haithris ag daoine óga. Tugadh le tuiscint freisin go raibh gá le cluas le héisteacht ar aon dul leis an gceann seo ar mhaithe leis an nglúin óg. Áiríodh slite ina bhféadfaí caoi a sholáthar le páirtíocht a bheith ag an óige—Comhairlí Tréadacha Paróiste, Aifrinn don Óige, Córacha na nÓg. Braitheadh leis go raibh gá le comhar níos dlúithe a bheith le Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí. Luadh leis gurbh fhiú feidhm a bhaint as an dteicneolaíocht nua-aimsire, Facebook agus suímh eile shóisialta chaidrimh trína bhféadadh daoine óga iontais ár gcreidimh a thaiscéaladh.

Clabhsúr

Cuireadh an tuairisc seo i láthair Comhairle Thréadach na Deoise i Samhain 2010. Ba mhór acusan na tuairimí agus na moltaí a tháinig óna raibh páirteach. Mar aitheantas dá raibh ráite acu ba mhaith leis an gComhairle Thréadach Dheoise na torthaí a chur os comhair gach duine sa deoise. Beidh páirt lárnach ag torthaí an Chluas le hÉisteacht i spriocanna agus i mbeartais na deoise agus Plean Tréadach na Deoise á chur i ngníomh.

Tá tuairisc níos iomláine ar an gCluas le hÉisteacht agus ar Pholasaithe agus ar Bhealaí Oibre Chosaint Leanaí na deoise i suíomh idirlíon na deoise.

www.dioceseofkerry.ie



I gcomhlúadar a chéile le dóchas



Tréadlitir do Dheoise Chiarraí

2010



*A Phobal Dé,
Nach dúshlánach an uain í seo dár náisiún agus dár n-eaglais! Is cúis mhór inní dúinn go léir an ghéarchéim airgeadais ina bhfuilimid. Tá sé ag goilliúint go mór ar shlí bheatha a lán againn. Tá an méadú ar líon na ndífhostaithe agus na n-imirceach agus an brú trom ó thaobh airgid atá ar an oiread sin daoine, táid sin go léir ag cothú an éadóchais inár measc. Is maith atá a fhios agam go bhfuil brú breise ar theaghlaigh agus an Nollaig ag druideam linn. Ní haon dóichín an t-éadóchas a sheachaint sna cúinsí seo.*

Agus an Aidhint, am an dóchais, á ceiliúradh againn, tugaimid chun cuimhne cúram agus grá Dé do gach duine againn. Cuireann breith Chríost i stábla i gcuimhne dúinn go gléineach go dtagann Dia chugainn inár saol laethúil. Is Emanúél, Dia-Farainn, é ár nDia dáiríre. Guím go dúthachtach go mbeadh an Aidhint seo ina tráth athnuaithe ár muiníne go bhfuil Dia farainn anois. Guím orainn go léir agus dúshlán na linne seo romhainn, go ndéanfaidh gach duine againn oiread agus is féidir inár gcúinsí ar leith féin le dlúthchomhar agus cúram a dhéanamh dá chéile. Guím ar ár gceannairí polaitiúla go mbronna Dia eagna agus misneach orthu agus iad ag dréim lenár náisiún a threorú i bhfarraigí suaite na linne seo.

Tá dúshlán roimh an Eaglais freisin le roinnt bhlianta—scannal drochúsáid ghnéasach leanaí ag cléirigh agus leis teip údarais na hEaglaise leanaí a chosaint. Bhraitheas féin agus Comhairle Thréadach na Deoise –grúpa ionadaíoch de shagairt agus de thuataí a thugann comhairle dom conas plé le riachtanais thréadacha na deoise—gur ghá do dhaoine caoi a bheith acu chun a chur in iúl cá seasann siad maidir leis an Eaglais ag an am seo. Bheartaíomar, mar fhreagra ar litir an Phápa Benedict chuig muintir na hÉireann, cluas le héisteacht a thabhairt do thairimí daoine ar fud na deoise.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a bhreith leo siúd go léir a ghabh páirt sna cruinnithe sin. Cuireadh torthaí na gcruinnithe sin faoi bhráid Chomhairle Thréadach na Deoise le déanaí. Cinneadh go mba chóir an torthaí sin a chur ar fáil do chách ar fud na deoise le go mbeadh a fhios agaibh gur tugadh aird ghéar ar bhur smaointe agus ar bhur dtuairimí faoi Dhrochúsáid Ghnéasach Leanáí ag Cléirigh, Struchtúir Eaglasta, Tuiscintí faoin Eaglais agus an gCreideamh agus Riachtanais na hÓige.

Is mian liom arís eile an dochar agus phian a d'fhulaing a maireann díobh siúd a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach ag cléirigh agus iad ina leanaí a admháil agus leithscéal ó chroí a ghabháil ar a son. Is oth liom go mór an bealach suarach a d'fhreagair údarais Eaglasta dá maireann agus do chosaint leanaí. Dearbhaím daoibh go bhfuilimid faoi cheangal comhoibriú ag an leibhéal logánta agus náisiúnta leo siúd a d'fhulaing. Níl aon teorainn leis an méid atá foghlamtha agam orm féin go pearsanta sa tréimhse seo agus ag an Eaglais i gcoitinne chomh maith. Tá sé curtha de cheangal agam orm féin a chinntiú go gcuirfidimid i bhfeidhm na polasaithe agus na struchtúir go léir is gá d'fhonn ná tarlódh a leithéid arís. Tá coiste cosanta leanaí bunaithe i ngach paróiste sa deoise agus déantar monatóireacht ar obair na gcoistí sin ar bhonn rialta. Tá muinín agam de thoradh na socrúithe atá i bhfeidhm anois gur sábhálda d'áit do leanaí an Eaglais inár ndeoise.

Is mór agam an cúram a ghlacann an oiread san daoine i ngnéithe éagsúla de shaol a bparóiste. D'éiligh daoine a bhí páirteach sa scéim éisteachta go mbeadh tuataí páirteach ag gach leibhéal dár nEaglais agus cinneadh á dhéanamh, agus tá an cheist seo luaite leis i bPlean Tréadach ár ndeoise. Tá sé gafa agam mar chúram orm tuataí a chumasú agus sin ar bonn comhair ar gach leibhéal, agus mná a bheith páirteach agus cinneadh á dhéanamh inár ndeoise. Tá bealaí á bhforbairt againn anois i limistéir thréadacha agus ar leibhéal na deoise, ar bhonn na hoibre atá á dhéanamh ag Comhairlí Tréadacha Paróiste, guth gach duine a bheith le clos nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh.

Is mó duine a chuir a gcreideamh daingean pearsanta in iúl ag ár gcruinnithe. Táim buíoch dóibh siúd go léir atá ag cothú an chreidimh inár bpobail, agus tugaim cuireadh do phobail ár bparóistí feidhm a bhaint as na foinsí atá ar fáil inár ndeoise lena dtaithe sa chreideamh, san urnaí agus sa liotúirge a neartú agus a chothú. Chuir a lán daoine in iúl go soiléir gurbh fhonn leo an óige a bheith páirteach sa phobal creidimh agus a bheith in ann a gcreideamh a bheith acu mar thaos ina saol. Mar chabhair do shaothar ár múinteoirí, ár scoileanna, Sheirbhís Dheoise Chiarraí don Óige, tá an deoise i mbun roinnt beartas ar leith le freagra a thabhairt ar riachtanais chreidimh na n-óg agus misneach is brí a chur ina gcreideamh.

Agus an bhliain seo ag bailiú léi, bliain achrannach ar a lán slite, tugann dearbhú creidimh an oiread sin daoine inár ndeoise misneach dom. Faighim ardú croí nuair a fheicim an fonn agus an cíocras atá ar dhaoine dul i mbun gnímh chun láthair níos fearr a dhéanamh dár nEaglais, láthair ina bhfuil luacha ríocht Dé i réim, láthair an ionracais, na córa, na hoscailteachta, na taise agus na trócaire. Go leanaimid ar aghaidh ag guí agus ag obair i gcomhar ar mhaithe lena Ríocht inár measc.

Guím Nollaig faoi-shéan is faoi mhaise na ngrást is na síochána daoibh go léir.

+ Bill Murphy
An tEaspag Liam Ó Murchú

Ag tabhairt cluas le héisteacht dá chéile 2010

Athchuirem ar thorthaí An Chluas le hÉisteacht a thugamar dá chéile ar son Comhairle Thréadach na Deoise é seo a leanas. Tá tuairisc níos iomláine ar fáil ar shuíomh na deoise ar an idirlíon.

Réamhrá

B'é cuspóir An Chluas le hÉisteacht a thugamar dá chéile ná caoi a thabhairt do dhaoine a dtuairimí agus a mbraithstintí i dtaobh na hEaglaise faoi láthair a chur in iúl. Tharla sin i ngach ceann den dá limistéar déag tréadach i mí na Bealtaine, an Mheithimh agus Meán Fómhair 2010. Tugadh cuireadh oscailte do dhaoine as gach paróiste sa deoise. Bhí foireann de thriúr áisitheoirí i bhfeighil gach cruinnithe; bhí míúin, plé i ngrúpa beag, comhar agus urnaí i ngrúpa mós mór i gceist i ngach cás. Gealladh ag gach cruinniú go gcuirfí gach a ndúradh ar phár agus go gcuirfí faoi bhráid Chomhairle Thréadach na Deoise é. Dúirt formhór mór na ndaoine a bhí páirteach gurbh imeacht luachmhar fóna é. Chuireadar a shásta agus a bhíodar lena oscailte agus a thuisceanaí a bhíothas ina bhun. Mar a dúirt duine, níor bhain sé le 'réiteach, ná le socrúithe ach díreach le héisteacht a fháil.' Chuir roinnt daoine in iúl ná raibh a ndóthain ama acu ag na seisiúin agus ba mhaith leo breis ama a bheith acu do phlé.

Ceithre théama móra a d'eascar as An gCluas le hÉisteacht:

- Drochúsáid ghnéasach leanaí ag cléirigh;
- Struchtúir Eaglasta;
- Tuiscintí ar an Eaglais agus ar an gCreideamh;
- An Óige.

Drochúsáid Ghnéasach Leanáí ag Cléirigh

Ag freagairt do cheist seo dhrochúsáid ghnéasach leanaí ag cléirigh chuireadar béim ar dhá ghné:

- Nádúr agus minicíocht na drochúsáide;
- Mar a chuaigh an Eaglais i ngleic leis an bhfadhb ar fud an domhain, sa tír seo agus go logánta.

Maidir le nádúr agus minicíocht dhrochúsáid ghnéasach leanaí ag cléirigh, cuireadh mothúcháin láidire feirge, náire, díomá agus déistine i leith na gciontach go mór mór mar gur ministrí oirnithe de chuid na hEaglaise iad. Nocht a raibh i láthair leis a mbrón agus a gciapadh ar son na ndaoine a d'fhulaing a leithéid de chéasadh uafásach. Chuir a lán in iúl go teann go mba chóir ar fhulaing siad a admháil agus cneasú a sholáthar dóibh. Maidir le cé mar a chuaigh údarais na hEaglaise i ngleic le cásanna de dhrochúsáid leanaí ag cléirigh, cuireadh mothúcháin láidire feirge, péine, díomá, agus déistine in iúl. Chuir na daoine a bhí i láthair in iúl go láidir gur theastaigh uathu go mbeadh an fhírinne agus an oscailteacht ag baint le mar a láimhseálfadh an Eaglais gach cás. Dúradar gur mhaith leo go dtréigfí bealach na rúndachta san Eaglais agus go raghfaí i dtreo na monatóireachta seachtraí. D'éiligh daoine leis go ndearbhófaí go raibh glactha sa deoise agus sa tír ar fad leis na polasaithe agus na cleachtais um Chosaint Leanáí. Soiléiríodh freisin an gá atá ag an Eaglais le pearsa labhartha náisiúnta.